Clár Náisiúnta Traenála do Bhoird Bhainistíochta (Bunscoileanna)

Ceisteanna Dlí

Polasaithe agus nósanna imeachta ag eascairt as an reachtaíocht, treoirlínte agus ciorcláin

2008

Forbhreathnú



Reachtaíocht ag eascairt as....

- Riachtanais an Bhunreachta
- Cuntasaíocht/trédhearcacht
- Éilimh Dhaonlathais
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Fostaíocht
- Comhionannas
- Aon ní eile...

Reachtaíocht Úrnua

- An tAcht Oideachais (1998)
- An tAcht Oideachais (forálacha ilghnéitheacha) (2007)
- An tAcht um Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu (2004)
- An tAcht Oideachais (Leas) (2000)
- An tAcht um Chomhairle Mhúinteoireachta (2001) agus Leasuithe
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005)
- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta (1998)
- An tAcht um Stádas Comhionann (2000 - 2004)
- An tAcht um Chosaint Sonraí (1988) agus an tAcht um Chosaint Sonraí (Leasú) (2003)

I dteannta le reachtaíocht…

- Rialacha do Scoileanna Náisiúnta (1965)
- Litreacha Ciorcláin
  - Eisítear sa phost iad
  - Ar fáil ar www.education.ie
  - Foilsítear an liosta go bliantúil in InTouch, Solas…

Nóta: *ó soláthraíodh an seisiún um Cheapachán, eisíodh*

- *Ciorclán 0062/2008: Fógraíocht Gréasánbhunaithe maidir le Poist Múinteoireachta*
- *Foirm iarratais caighdeánach do phríomhoidí*
- *Foirm cheapacháin athbhreithnithe*

Nuair a thagann ceist chun cinn…

- Má éilíonn an cás é, lorg comhairle dlí inniúil
- Seiceáil an bhfuil polasaí curtha i bheidhm ag an scoil cheana
  - An bhfuil an polasaí ar aon dul le reachtaíocht, treoirlínte etc?
  - Ar cloíodh leis na nósanna imeachta?
- Bailigh eolas mionsonraithe
- Tabhair deis do na páirtithe a gcás(anna) a chur i láthair
- I ndiaidh machnamh a dhéanamh ar an gceist seo, déan cinneadh eolach
- Cuir an cinneadh in iúl do na páirtithe
- Coimeád taifid chruinne

An Bord mar Fhostóir…

- Reachtaíocht maidir le fostaíocht pearsanra sealadach/ páirtaimseartha
- Conarthaí ar théarmaí seasta
- Na nósanna imeachta atá ann

An tAcht Oideachais 15 (1)…Bord

Beidh dualgas ar an mbord an scoil a bhainistiú ar mhaithe le leas na ndaltaí agus a dtuismitheoirí agus chun oideachas cuí a sholáthar nó chun foráil a dhéanamh ar oideachas cuí a sholáthar

An tAcht Oideachais (9)

Soláthróidh scoil aitheanta oideachas do scoileanna atá oiriúnach dá gcumais agus riachtanais…

- Cinntigh go n-aithnítear riachtanais agus go ndéantar foráil dóibh
- Cothaigh forbairt mhorálta, spioradálta, shóisialta agus phearsanta do dhaltaí (oideachas sláinte)
- Comhionannas deiseanna – daltaí agus foireann
- Cothaigh forbairt na Gaeilge
- Soláthair rochtain ar thaifid a bhaineann le dul chun cinn oideachais
- Aithin riachtanais forbartha ghairmiúla agus déan foráil dóibh
- Soláthair córais chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht, ghnóthachtáil
- Bunaigh agus cothaigh polasaí iontrála

Cásanna

Tá triúr daltaí i rang sinsearach Scoil Náisiúnta Liam i dtrioblóid i gcónaí. An tseachtain seo caite bhí duine den triúr daltaí, Séamuisín O Tuicligh, ag fonóid faoi, ag caitheamh drochmeasa air agus ag bagairt ar dhalta eile.

Chuir an príomhoide Séamuisín ar fionraí tar éis dó glaoch a chur ar mháthair Shéamuisín agus í ag a hionad oibre.

Tá Bean Uí Thuicligh tar éis scríobh chuig an bPríomhoide ag cur in iúl nach bhfuair Seamuisín éisteacht chothrom agus gur cuireadh ar fionraí é gan fiosrúchán cuí agus nár cloíodh leis na nósanna imeachta cinnteoireachta.

Dhaingnigh Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Shéamais cód iompraíochta le gairid. Bhí neart deiseanna ag tuismitheoirí cur le dréachtú an pholasaí seo ag tráthanna éagsúla agus rinne cuid acu amhlaidh. Cuireadh a moltaí leis an gcód a mhéad agus ab fhéidir.

Seoladh an cód iompraíochta seo chuig gach teaghlach de chuid daltaí rollaithe le hiarratas go léifear é, agus go síneofar foirm chun glacadh leis na forálacha a léiriú. De réir mar a rollaítear gach dalta, iarrtar ar na tuismitheoirí/caomhnóirí an cód iompraíochta a shíniú.

Dhiúltaigh tuismitheoirí de dhalta atá sa scoil cheana, ámh, ag míniú nach nglacann siad le roinnt de na forálacha, go háirithe iad siúd a phléann le fionraíocht/díbirt mar aon leis an riachtanas go gcuirfidh siad in iúl don scoil i scríbhinn maidir le cúiseanna neamhláithreacht a ndalta. Cuireadh a n-iníon ar fionraí ar feadh trí lá mar gheall ar mhí-iompraíocht leantach.

An tAcht Oideachais 15, 2 (d)… Polasaithe

Foilsigh… de réir mar a mheasann an bord le comhaontú ón bPatrún é bheith cuí

- polasaí a bhaineann le hiontráil sa scoil agus rannphairtíocht sa scoil …
- polasaí a bhaineann le díbirt agus fiontraíocht…
- polasaí a bhaineann le daltaí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu…

An tAcht Leasa Oideachais (2000)...

Alt (21) (2) Saineoidh cód iompraíochta na nithe seo a leanas—

(*a*) na caighdeáin iompraíochta a chomhlíonfaidh gach dalta atá ag freastal ar an scoil sin;

(*b*) na bearta a bheidh le glacadh nuair a theipeann ar dhalta na caighdéain seo a chomhlíonadh nó nuair a dhiúltaíonn sé/sí iad a chomhlíonadh;

(*c*) na nósanna imeachta a gcloífear leo sula bhféadfaí dalta a chur ar fionraí nó a dhíbirt ón scoil atá i gceist;

(*d*) na cúiseanna a ndéantar fionraíocht a cuireadh ar dhalta a bhaint; agus

(*e*) na nósanna imeachta a gcloífear leo maidir le cur in iúl do thuismitheoirí an dalta maidir le neamhláithreacht an dalta.

An tAcht Leasa Oideachais (2000)...

Alt (21)
Ní mór don phríomhoide a chur in iúl d'Oifigeach Leasa Oideachais i scríbhinn má cuirtear dalta ar fionraí ar feadh 6 lá nó níos mó.

Alt 23 (4)

D'fhéadfaí iarraidh ar thuismitheoirí le deimhin a dhéanamh de i scríbhinn go nglacfaidh siad leis an gcód iompraíochta mar choinníoll rollúcháin agus go dtabharfaidh siad tacaíocht don chód iompraíochta mar choinníollrollúcháin.

Cad atá ráite ag na Cúirteanna…

Is ceist í cur i bhfeidhm smachta i scoil do na múinteoirí, don mhúinteoir príomhoide, do chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta agus don Bhord iad féin.

Ní ceist é do na cúirteanna ar an gcuma chéanna is nach n-iarrtar ar na cúirteanna breithiúnas a thabhairt nuair a iarrtar ar dhalta línte a scríobh amach.

Ní dhéanfaidh na cúirteanna athbhreithniú ar chúrsaí smachta ach amháin ar bhonn nósanna imeachta i.e. easpa cothromaíochta…

Ba dhalta thar a bheith trioblóideach é Seáinín go dtí go ndearnadh an diagnóis go raibh Neamhord Hipirghníomhaíochta Easnamh Airde air i rang a ceathair. Tá sé ag dul isteach i rang a sé anois agus tá ag éirí measartha maith leis. Tá imní ar thuismitheoirí Sheáinín go n-imreoidh droch-cháil agus taifid Sheáinín maidir leis an mbunscoil tionchar ar an dóigh a gcaithfear leis san iar-bhunscoil. Scríobh athair Sheáinín chuig príomhoide na scoile ag fiafraí de/di maidir le cén t-eolas agus taifid arb iondúil don scoil a sholáthar do scoileanna dara leibhéal agus an bhféadfadh sé cóipeanna díobh siúd a bhaineann le Seáinín a fheiceáil sula gcuirtear ar aghaidh iad. Luaigh sé na cinn seo a leanas go sonrach:

- gach nóta atá i seilbh Cúntóir Riachtanas Speisialta nó i seilbh na foirne tacaíochta
- gach taifead i dtaca le mí-iompraíocht nó pionóis a cuireadh i bhfeidhm
- gach taifid mheasúnaithe fhoirmiúla
- cóipeanna de mheasúnuithe ó shiceolaí na scoile
- gach nóta bídís leictreonach nó ná bíodh a d'fhéadfadh bheith i seilbh phearsanra na scoile.

Cuireann an príomhoide an litir ar aghaidh chuig an mBord Bainistíochta, ag cur na tuairime in iúl go bhfuil athair Sheáinín ag machnamh gan cead a thabhairt na taifid a chur ar aghaidh. Cuireann an príomhoide ar shúile an Bhoird freisin an cruachás a d'fheadfadh bheith i ndán do scoil má, agus nuair a fhaightear iarratas ar fhaisnéis ón iar-bhunscoil.

Rochtain ar Fhaisnéis

- An tAcht Oideachais 1998 s 9 (g)
- An tAcht Oideachais (Leas), (2000)
- Achtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997

Rochtain ar Thaifid san Acht Oideachais 9 (g)...

Úsáidfidh scoil aitheanta na hacmhainní atá ar fáil aici chun a chinntiú go bhfuil rochtain ag tuismitheoirí dalta, nó i gcás dalta a bhfuil 18 mbliana slánaithe aige/aici, an dalta, sa mhodh forordaithe ar thaifid a choinnigh an scoil a bhaineann le dul chun cinn an dalta sin ina (h)oideachas

An tAcht Leasa Oideachais (2000)

Alt 20

Déanfaidh príomhoide cumarsáid le príomhoide scoile eile…

- má bhíonn aon fhadhb ann i dtaca le tinreamh
- i dtaobh nithe eile a bhaineann le dul chun cinn oideachais an linbh de réir mar a mheasann sé/sí é bheith oiriúnach

Alt 28

- Is féidir le rialaitheoir sonraí a sholáthar… do rialaitheoir sonraí i gcás comhlacht forordaithe eile
- Má úsáidtear iad ar chuspóirí ábhartha amháin

(Is éard is brí le cuspóir ábhartha ná an cuspóir chun stair nó dul chun cinn oideachais duine eile a thaifid chun a fháil amach conas is féidir cabhrú leis an duine d'fhonn a gcumas oideachais féideartha a fhorbairt.)

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1988), (2003)

Ní mór sonraí pearsanta a bheith:

- Faighte agus proiseáilte go cóir
- Ábhartha, cruinn, cothrom le dáta
- Coinnithe ní nach faide ná mar is gá
- Coinnithe ar chuspóir sonraithe agus dleathach amháin nó níos mó

- Ba cheart bearta oiriúnacha a ghlacadh chun sonraí a chosaint

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1988) (2003)

Clúdaíonn sonraí pearsanta

- Bunadh ciníoch
- Claonadh polaitiúil
- Reiligiúin nó creidimh eile
- Meabhairshláinte/sláinte fhisiciúil
- Caidreamh collaí
- Ciontuithe coiriúla

An tAcht um Shaoráil Faisnéise…

Níl bunscoileanna faoi réir an Achta um Shaoráil Faisnéise go fóill ach d'fhéadfaidís bheith ag súil go gcuirfear san áireamh iad i bhforbairtí amach anseo ar na hearnálacha sin de chuid na seirbhíse poiblí a thagann faoi raon reachtaíocht an Achta um Shaoráil Faisnéise. Tá roinnt gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh scoil idirghníomhú leo maidir le daltaí *(e.g. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta)* bheith faoi réir an achta.

Fostaíonn Scoil Náisiúnta Philomena cúigear glantóirí. Sanntar cúraimí laethúla agus seachtanúla go soiléir. Tá Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta ann le roinnt blianta anuas.

Thit duine den fhoireann ghlantacháin, Bean Uí Bhroin, nuair a bhí áit thílithe á mapáil aici i gceann de na seomraí ranga a sannadh di.

Fuair Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta litir ó aturnae Bhean Uí Bhroin ag cur faillí i leith na scoile.

Ina litir iarrann an t-aturnae ar an mbord aghaidh a thabhairt ar an eachtra seo, agus tugann sé le tuiscint go bhfuil Bean Uí Bhroin ag smaoineamh ar imeachtaí dlí a ghlacadh chun damáistí a dhaingniú.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (2005)…

- Ionad oibre sábháilte
- Eolas, oiliúint, teagasc agus maoirseacht leordhóthanach do gach fostaí
- Eagrú oibre chun sábháilteacht agus sláinte a chinntiú
- Ionad oibre shábháilte, trealamh agus innealra sábháilte
- Córas oibre sábháilte
- Úsáid shábháilte ar shubstaintí contúirteacha
- Ba cheart go mbunófaí pleananna éigeandála

An tAcht um Shábháilteacht, Slainte agus Leas ag an Obair (2005)...

- Ba cheart go mbeadh gach fostaí páirteach i gcinnteoireacht i leith na timpeallachta oibre (ionadaí sábháilteachta)
- Ní mór Oifigeach Sábháilteachta a cheapadh
- Ráiteas sábháilteachta scríofa
- Taifead ar gach timpiste agus teagmhas
- Tuairiscigh d'Údarás Sláinte agus Sábhailteacht aon timpiste nó teagmhas le neamhláithreacht 3 lá/cóireáil ó dhochtúir/ospidéal, mar aon lena dtuairisciú do chuideachta árachais.

Dualgas Cúraim.....

Tá dualgas dúbailte i gceist le dualgas cúraim – dualgas i leith na bhfostaithe agus dualgas i leith daoine eile lena n-áirítear daltaí.

Is é dualgas an Bhoird Bhainistíochta gach reamhchúram a ghlacadh chun an foirgneamh a chaomhnú agus a chothabháil, chun bail a chur ar an láthair shúgartha sa chaoi nach gcruthaíonn sé guais ar dóchúil go mbeadh sé ina cúis ghortaithe do dhaltaí, thuismitheoirí agus dhaoine eile

I mí Feabhra, dúradh le príomhoide na scoile go bhfuil dalta, a bhí le rollú sna naíonáin bheaga i mí Mheán Fómhair dár gcionn, dall.

Is 29 dalta a bheidh sa rang, bunaithe ar iarratais reatha.

Is scoil tuaithe beirt mhúinteoirí í Scoil Náisiúnta Sheoirse atá ar imeall baile mór.

Bhog trí theaghlach isteach sa cheantar ó thír eile. Tá cúigear clainne ag na tuismitheoirí atá in aois scoile.

Chuaigh dhá cheann de na teaghlaigh chun cainte leis an bpríomhoide le gairid féachaint an bhféadfadh an scoil freastal dá leanaí.

Polasaí ar Iontráil agus Rannpháirtíocht (Polasaí Rollúcháin)

Prionsabail a léirítear san Acht Oideachais

Uileghabhálacht

- Go háirithe i dtaca le rollú leanaí faoi mhíchumas nó leanaí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta eile acu

Comhionannas

- 9 gcúis

Rogha Tuismitheoirí

- I dtaca le rogha scoile agus spiorad sainiúil na scoile

Meas

- Éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiúin, teangacha agus modhanna saoil

Reachtaíocht Comhionannais …

- Caomhnaigh comhionannais
- Toirmisc idirdhealaithe i dtaca le soláthar seirbhísí…

  Alt 7 - Is éard is brí le Foras Oideachais bunscoil/iar-bhunscoil

  Is soláthraithe seirbhísí iad scoileanna….

Alt 3 Cúiseanna idirdhealúcháin…

- Inscne
- Stádas pósta
- Stádas teaghlaigh
- Claonadh gnéasachta
- Creideamh
- Aois
- Míchumas
- Cine
- An duine bheith ina t(h)aistealaí.

Eisceachtaí

Scoileanna aonghnéis

Creideamh…

"Glacann scoileanna a chothaíonn luachanna reiligiúin áirithe … le daoine a bhaineann le sainchreideamh áirithe i bhfabhar daoine eile nó diúltaíonn siad mar dhalta duine nach mbaineann leis an sainchreideamh sin agus i gcás diúltaithe, cruthaítear go bhfuil an diúltú bunriachtanch chun éiteas na scoile a choinneáil".

Polasaí Rollúcháin

- Ní mór do phatrún an polasaí a dhaingniú
- Soláthar eochareolais i gcás tuismitheoirí – nós imeachta iarratais, an t-ionad, an tráth den bhliain, dátaí…
- Critéir Rollúcháin: ní mór do scoileanna critéir a leagan síos a bheidh le húsáid i gcás cinnteoireachta nuair a ghabhann iarratasóirí thar líon na n-áiteanna atá ar fáil e.g. éiteas scoile, siblíní leanaí atá sa scoil, iadsan is cóngaraí don scoil etc.
- Prionsabal ginearálta: ní fhéadfaí iontráil a dhiúltú do leanbh mura n-imreodh a (h)iontráil fíor-dhrochthionchar ar an leas coiteann (cásanna eisceachtúla)
- Alt 29 (An tAcht Oideachais 1998)

Rollú leanaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.

Toimhde príomhsruthaithe…

Is féidir le scoileanna caitheamh le daltaí faoi mhíchumas ar bhealach difriúil (seachas an díolúine costais ainmniúil) ach amháin má chiallaíonn an míchumas go bhfuil soláthar éifeachtach seirbhísí oideachais do dhaltaí eile neamhfhéideartha nó má imríonn sé fíor-dhrochthionchar ar sholáthar éifeachtach seirbhísí oideachais do dhaltaí eile.

Má sholáthraíonn an stát deontais nó cúnamh ar mhaithe le cabhrú le cóireáil speisialta nó saoráidí a sholáthar, b'fhéidir go mbeadh dualgas ar an soláthraí seirbhísí (an scoil) chun leas a bhaint as na deontais seo.

An tAcht um Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu (2004)…

Cinnteoidh an Bord Bainistíochta….

- go soláthrófar oideachas do leanbh a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i dtimpeallacht uileghabhálach i dteannta le leanaí nach bhfuil riachtanais mar sin acu
- go gcuirtear in iúl do thuismitheoirí an dalta a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici maidir le riachtanais a linbh a chomhlíonadh
- go ndéantar cinnte de go dtéitear i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le gach cinneadh tábhachtach, agus tugtar cuireadh dóibh bheith páirteach i ngach cinneadh tábhachtach, a bhaineann le hoideachas a linbh

Gnéithe dearfacha den Acht…

- Déanann sé foráil shonraithe ar an leanbh a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta aige/aici
- Faigheann na leanaí seo cosaint reachtúil i.e. tá a gcearta infheidhmithe de réir an dlí
- Tacaíocht aguis saineolas na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta agus Eagraithe Riachtanas Oideachais Speisialta
- Fáiltítear roimh sholáthar pribhléide cáilithe
- D’fhéadfaí iallach a chur ar thuismitheoirí trí ordú ón gCúirt Chuarda go ndéanfaí measúnú ar a leanbh.

Socrú i gcomhair Acmhainní Breise

- Cabhraíonn tuairiscí siceolaíochta/eile leis an scoil riachtanais oideachais agus oiliúna a bhíonn ag teastáil ón dalta a bhunú agus na seirbhísí tacaíochta a bhíonn de dhíth a phróifiliú
- D'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a iarraidh go ndéanfaí measúnú ar an dalta mura bhfuil aon mheasúnú ar fáil
- Déanann an Bord Bainistíocht measúnacht ar conas is féidir le scoil riachtanais an dalta, mar a sainítear iad sa tuairisc, a chomhlíonadh
- Má bhíonn acmhainní breise de dhíth, ba cheart don Bhord Bainistíochta, roimh an rollúchán, iarraidh ar an Roinn Oideachais agus Eolaíochta acmhainní mar seo a sholáthar i.e. múinteoir acmhainne / cúntóir riachtanas speisialta / troscán trealaimh speisialaithe / seirbhísí iompair
- Déan an leanbh a rollú agus lorg acmhainní.

Alt 29 Achomhairc

An tAcht Oideachais (1998) Alt 29

- Déanann sé foráil d'achomhairc chuig an Ard-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta in aghaidh cinntí a dhéanann an Bord
- Cinntí atá faoi réir achomhairc:
  - Eisiamh buan i.e. díbirt
  - Fionraíocht ar feadh tréimhse a thabharfadh an fhionraíocht charnach go dtí 20 lá nó níos mó sa bhliain scoile
  - Diúltú ar rollú
  - Nithe eile de réir mar a shocrófar iad amach anseo

An tAcht Oideachais (forálacha ilghnéitheacha) 2007

Cuspóirí

- Próiseas Alt 29 a fheabhsú
- Cearta a chur i gcothrom
- Dea-iompraíocht dalta a chaomhnú
- Timpeallacht foghlama dhearfach a chothú

Nós imeachta achomhairc

- Nuair a chuireann an Bord Bainistíochta a gcinneadh in iúl do thuismitheoirí, ba cheart dóibh a chur in iúl dóibh faoina dteidlíocht chun achomharc a dhéanamh faoi Alt 29
- Déanfar achomhairc i scríbhinn ar fhoirm iarratais chaighdeánach ar *www.education.ie* (Foirmeacha)
- Ba cheart achomhairc a thaisceadh, le hAonad Achomharc Riaracháin, laistigh de 42 lá ón am a fhaightear cinneadh an Bhoird Bhainistíochta
- Ba cheart don duine a dhéanann an t-achomharc é seo a chur in iúl don Bhord Bainistíochta freisin.

Iarratas Achomhairc

- Ainm, seoladh agus sonraí teagmhála
- An cinneadh a bhfuiltear ag déanamh achomhairc faoi
- An chúis a bhfuiltear ag déanamh achomhairc ar an gcinneadh
- Ainm agus seoladh na scoile ata i gceist
- An dáta a gcuireann an scoil é seo in iúl
- Torthaí na n-imeachtaí ag leibhéal áitiúil
- Cóipeanna de na comhfhreagrais leis an scoil i dtaca leis an achomharc.

Roimh chéim an achomhairc…

- Iarrtar ar an dá thaobh machnamh a dhéanamh ar an gceist seo ag leibhéal áitiúil féachaint an bhféadfaí teacht ar réiteach
  - tugtar seachtain chun machnamh a dhéanamh ar na roghanna
- D’ainneoin aon chliseadh ar theacht ar chomhaontú ag leibhéal áitiúil d’fhéadfadh an Coiste Achomhairc éascaitheoir a cheapadh chun idirghabháil a dhéanamh i dtaobh comhaontaithe.

Próiseas éascaithe…

- Buaileann an t-éascaitheoir leis an bPríomhoide/leis an gCathaoirleach
- Scrúdaíonn sé/sí cáipéisíocht
  - Critéir
  - Liostaí feithimh
  - Polasaí rollúcháin
  - Miontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta más rud é gur pléadh rollúchán
- Buaileann sé/sí le tuismitheoirí
- Má chliseann ar iarrachtaí chun teacht ar chomhaontú, cuirtear an cás ar aghaidh le haghaidh éisteachta chuig an gCoiste Achomhairc

Coiste Achomhairc

Beidh triúr ar an gCoiste a chuimseoidh Cigire, agus beirt eile, a bheidh an saineolas, taithí agus neamhspleáchas riachtanach acu, i dtuairim an Aire, chun feidhmiú ar an gCoiste. Feidhmeoidh duine den bheirt seo mar chathaoirleach an Choiste.

Éisteacht Achomhairc…

Socrófar dáta, am agus ionad don éisteacht i gcomhairle leis na daoine atá bainteach leis

- Tuismitheoir(í)
- Ionadaíocht ón mBord Bainistíochta – d'fhéadfadh siad beirt bhall a ainmniú nó ball amháin agus an Príomhoide
- Ionadaíocht ón mBord Náisiúnta um Leas Oideachais, má tá siad páirteach ann
- D'fhéadfadh suas le beirt bheith in éineacht le páirtí ar bith má shocraítear é seo roimh ré leis an gCoiste
- D'fhéadfadh an Coiste cuireadh a thabhairt do dhaoine a bhfuil saineolas ábhartha acu chun freastal ar an éisteacht agus chun ráitis a déanamh ag an éisteacht.

Cáipeisí atá riachtanach

- Polasaí Rollúcháin
- Na cúiseanna don chinneadh a rinneadh
- Miontuairiscí **gach cruinnithe de chuid an Bhoird Bhainistíochta** inar pléadh an cás
- Solathróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta cóipeanna de na rudaí thuasluaite do na tuismitheoirí

Coiste Achomhairc – dálaí le machnamh a dhéanamh orthu

- Cleachtais bhunaithe laistigh den scoil (i bhfianaise reachtaíochta, treoirlínte etc.)
- Leasa oideachasúla an dalta aonair
- Leasa oideachasúla daltaí eile sa scoil
- Oibriúchán agus bainistíocht éifeachtach na scoile
- Aon impleacht acmhainne ag eascairt as na ceisteanna ata faoi achomharc
- Polasaí na bpatrún/an Bhoird Bhainistíochta faoi éiteas
- Nithe eile a mheasann an Coiste bheith ábhartha.

Dálaí tábhachtacha a d'fhéadfaí bheith ina n-ábhar machnaimh…

- Iompraíocht (cineál, scála agus méid)
- Réasúntacht iarrachtaí na scoile chun cabhrú leis na daltaí
- Cothabháil timpeallacht scoile atá tacúil d'fhoghlaim
- Leanúnachas teagaisc a chinntiú sa seomra ranga
- Sábháilteacht, sláinte agus leas na múinteoirí agus lucht foirne eile
- Sábháilteacht, sláinte agus leas daltaí
- Polasaí iontrála don scoil, cód iompraíochta agus polasaithe eile

Próiseáil...

- Cuirfear críoch leis an achomharc i gcoitinne laistigh de 30 lá ón dáta ar a bhfaightear iarratas críochnaithe
- Tá foráil ann chun cur leis an tréimhse seo suas le 14 lá

Éisteacht iarbhír

- Réamhrá
- Cur i láthar le tuismitheoir
- Freagairt ón mBord Bainistíochta
- Ceistíonn na páirtithe a chéile ar phointí a tharraingtear anuas tríd an gcathaoir
- Cuireann an coiste achomhairc ceisteanna
- Achoimrí ón dá pháirtí

Cinneadh an Choiste Achomhairc

- Socrófar achomharc i bhfianaise na bhfíricí a chuirtear i láthair
- Agus iad ag teacht ar a gcinneadh cuireann an coiste achomhairc réimse ceisteanna san áireamh
- Cuirtear an cinneadh in iúl don Ard-Rúnaí
- Cuireann an tArd-Rúnaí é in iúl don achomharcóir, don scoil agus don Bhord Náisiúnta Leasa Oideachais, má tá siad páirteach san achomharc
- D'fhéadfadh sé treoir a thabhairt don Bhord Bainistíochta
- Tá an Bord faoi cheangal ag treoracha mar seo.

Feidhmeanna eile an Bhoird

- Coimeádfaidh an Bord gach cuntas cuí agus gnách agus taifid ar airgead a fhaightear… nó a chaitear….
- Forbairt na Gaeilge
- Coinnigh Patrún ar an eolas

An tAcht Oideachais (1998)...

Alt 28 – (Nósanna imeachta maidir le gearáin) níl sé réitithe go fóill.

Tá sé ar aon dul ar an iomlán leis na nósanna imeachta reatha – Aguisín 50, Lámhleabhar bhall an Bhoird Bhainsitíochta

5 Chéim:

Tá céim 1 – 2 neamhfhoirmiúil

Tá céimeanna 3 – 5 níos foirmiúla

Ar deireadh cuirtear an gearán scríofa ar aghaidh go foirmiúil don Bhord Bainistíochta le haghaidh fiosrúcháin agus cinnidh

Cuirtear gearáin a chuirtear faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar ais chuig an mBord Bainistíochta.

An tAcht Oideachais 21 (1)

Déanfaidh bord, chomh luath agus is féidir i ndiaidh a gceapachán, socruithe i gcomhair ullmhúchán plean (san alt seo tagrófar dó mar an “plean scoile”) agus cinnteoidh sé go ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú ar an bplean go trathrialta.

An tAcht Oideachais 21 (2)

Leagfaidh an plean scoile cuspóirí na scoile síos i dtaca le comhionannas rochtana ar an scoil agus rannpháirtíocht sa scoil agus na bearta a mholann an scoil le glacadh chun na cuspóirí seo a bhaint amach lena n-áirítear comhionannas rochtana ar an scoil agus rannpháirtíocht sa scoil i gcás daltaí faoi mhíchumas nó daltaí a bhfuil riachtanais speisialta eile acu.

An tAcht Oideachais 21 (3)

Ullmhófar an plean scoile de réir treoracha mar seo, lena n-áirítear treoracha a bhaineann le comhairliú le tuismitheoirí, leis an bpatrún, leis an bhfoireann agus le daltaí na scoile, de réir mar a thabharfaidh an tAire i dtaca le pleananna scoile ó am go chéile

An tAcht Oideachais 21 (4)

Déanfaidh bord socruithe do chiorclán de chóipeanna an phlean scoile chuig an bpatrún, na tuismitheoirí, na múinteoirí agus chuig baill foirne eile na scoile.

Ábhair

Sonraí Scoile Ginearálta….

Fís agus Cuspóirí…….

Polasaithe Eagraíochta….

Pleananna Curaclaim…

Nósanna Imeachta agus Cleachtais…

Rannóg Forbartha…..

Nuair a thagann rud éigin chun cinn

- Seiceáil ciorcláin/An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
- Leabhair na Roinne Oideachais agus Eolaíochta: Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Imeachta & Lámhleabhar Eolais Do Bhoird Bhainistíochta Bunscoile 2007 araon
- Eagrán Lámhleabhar an Bhoird Bhainistíochta 2007
- Cumann Bhainisteoirí na mBunscoileanna Caitliceacha /Gaelscoileanna/Comhlachtaí patrúin eile de réir mar is cuí
- Patrún/Rúnaí Deoise
- Solas/Cumann Múinteoirí Éireann/Líonra Phríomhoidí Bunscoile Éireann etc
- Faigh comhairle ghairmiúil mar shampla, tar éis litir dlíodóra a fháil.

Roinnt Foinsí Eolais

- www.education.ie
- www.cpsma.ie
- www.foras.ie
- www.educatetogether.ie
- www.into.ie
- www.ippn.ie
- www.equality.ie
- www.hsa.ie

Léitheoireacht Mholta…

Lámhleabahr an Bhoird Bhainistíochta Eagrán 2007:

Aguisín 75 l.231

- *Feidhmeanna Scoile*
- *Feidhmeanna Boird*

Aguisín 76

- *Scoileanna agus an tAcht um Stádas Comhionann (2000)*

Aguisín 63 (a)

- *An tAcht um Chosaint Sonraí (1988) agus (2003)*

Treoir d'Árachas agus do Shábháilteacht sa Scoil (2002) *(Allianz)*

Ciorcláin ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Meabhrúcháin

- Sínítear an clár
- Comhlánaítear meastúcháin agus cuirtear ar ais iad
- Bileoga eolais
- Socruithe don chéad seisiún oiliúna *(má bhíonn sé i gceist)*
- Tá siad seo i measc na modúl eile atá ar fáil:
  - An Bord Bainistíochta mar Aonad Corpraithe *(don bhord ar fad)*
  - Nósanna Imeachta Ceapacháin *(don Chathaoirleach agus don Phríomhoide)*
  - Bainistíocht Airgeadais *(don Chathaoirleach agus don Chisteoir)*
  - Caomhnú Páistí *(don bhord ar fad)*